

Is Fostóir Comhdheiseanna é Gailearaí Ealaíne Crawford agus tá sé tiomanta do bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais fostaíochta, nach ndéanann idirdhealú ar fhorais cosúil le hinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, creideamh, gnéaschlaonadh nó a bheith ina ndaoine den Lucht Siúil.



Íomháanna: Jed Niezgoda

Gailearaí Ealaíne **Crawford** Art Gallery

GAILEARAÍ EALAÍNE CRAWFORD
LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ

FÚINN:

Is Institiúid Chultúrtha Náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford, tiomanta do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus comhaimseartha. Tá níos mó ná 3,000 saothar sa bhailiúchán, ón bpéintéireacht Éireannach agus Eorpach na 18ú haois, go léiriúchán físeáin comhaimseartha. I gcroílár an bhailiúcháin tá rogha múnlaí dealbhóireachta Rómhánach agus Gréagach, tagtha i 1818 ó Mhúsaem an Vatacáin sa Róimh go Corcaigh.

Is iad ár gcuispóir carthanacha agus spriocanna:

- A. oideachas a chur chun cinn trí chleachtadh na healaíne, dealbhóireachta agus an deireadh agus sna mínealaín agus ealaín feidhmeannach go ginearálta agus chun Gailearaí Ealaíne Crawford a chur chun cinn mar lárionad oideachasúil i gcomhair na healaíne agus mar lárionad cultúrtha agus ealaíonta.
- B. oideachas a chur chun cinn trí áiseanna i gcomhair taispeántais cultúrtha agus ealaíonta, léirithe, taispeántais, comhdhálacha, léachtaí, turais, cuairteanna, agus imeachtaí a chur ar fáil agus páirt a ghlacadh i gcur chun cinn na himeachtaí cultúrtha agus ealaíonta.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford tiomanta aithint, measúnú criticiúil, agus aitheantas ar an ealaíon Éireannach agus idirnáisiúnta stairiúil agus comhaimseartha a chur chun cinn trí thaispeántais agus

cláir Foghlama & Fiosraithe. Suite i gcroílár cathair Chorcaí, is cuid chriticiúil é an Gailearaí d'infreastruchtúr cultúrtha agus turasóireachta na hÉireann, ag fáiltiú níos mó ná 250,000 cuairteoirí gach bliain.

Sa lá inniu ann, tá an Gailearaí ar tí tús a chur le tréimhse shuntasach athraithe. Tá athfhorbairt chaipitil shuntasach ar na bacáin faoi chlár Éire 2040. Beidh Gailearaí Ealaíne Crawford dúnta ó 2026 go dtí lár 2028 ionas gur féidir oibreacha tógála a dhéanamh. Beidh an fhoireann ag obair in ionad sealadach i lár na cathrach i rith an ama seo. Garsprioc thábhachtach i gcomhthéacs athfhorbairt uailmhianach an Ghailearaí ba ea cead pleanála a fháil i mí an Mhárta 2023.

Is tionscadal suaitheanta é athfhorbairt Ghailearaí Ealaíne Crawford, institiúid shuntasach i gcroílár chathair Chorcaí, faoin Aire Patrick O'Donovan TD, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Is mórtionscadal é athfhorbairt Ghailearaí Ealaíne Crawford mar fhoras suntasach i gcroílár Chathair Chorcaí, faoi chlár na Roinne d'infheistíochtaí an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Is é príomhaidhm thionscadal athfhorbartha an ghailearaí cóiríocht feabhsaithe a chur ar fáil atá oiriúnach don fheidhm agus a léiríonn a stádas cultúrtha náisiúnta. Soláthróidh an tionscadal atá beartaithe limistéir bhreise nua taispeántais agus cúrsaíochta poiblí, áis Foghlama agus Fiosraithe nua, áit stórála shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta ag Crawford, bealach isteach nua agus ríocht phoiblí a bheidh feabhsaithe go mór.

Tuilleadh Faisnéise: www.crawfordartgallery.ie



Jacob and His Sons

The Belvedere Torso

The Mother of Napoleon the Great

Capitoline Venus

TEIDEAL AN RÓIL:	Ceannasaí Airgeadais
AG TUAIRISCIÚ DO:	Stiúrthóir an Ghailearaí
SUÍOMH:	Gailearaí Ealaíne Crawford/ nó ionad sealadach i Lár na Cathrach
LUACH SAOTHAIR:	Príomhoifigeach Cúnta - PPC

PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA - PPC

€82,290 €85,320 €88,393 €91,475 €94,553 €96,329 €99,433¹ (LSI1) €102,550² (LSI2)

CUSPÓIR AN RÓIL:

Duine a dhéanfaidh ionadaíocht ar chultúr agus ar luachanna Ghailearaí Ealaíne Crawford. Beidh an Ceannasaí Airgeadais ag obair mar bhall den Fhoireann Bainistíochta Shinsearach (FBS) agus beidh sé nó sí i gceannas ar agus forbróidh sé nó sí an fheidhm airgeadais, cruthóidh sé nó sí foireann ardfheidhmíochta a sholáthraíonn planáil, bainistíocht, rialú, comhlíonadh agus tuairisciú airgeadais éifeachtach. Tacóidh sé nó sí le agus cumhachtóidh sé nó sí an fhoireann airgeadais i rith an timthrialla cuntasáíochta ar fad, lena n-áirítear próiseáil idirbhirt agus cuntais bhainistíochta agus reachtúla, agus oibreoidh sé nó sí i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun bonn eolais a sholáthar do chinnteoireacht, planáil agus straitéis. Mar bhall d'Fheidhmeannas an Ghailearaí, beidh ról lárnach aige nó aici i dtodhchaí na hinstiúide cultúrtha ceannródaíche seo a mhúnlú. Beidh ról straitéiseach ar an iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi i gcleachtais Airgeadais a threorú, a athrú agus a nuachóiriú de réir dea-chleachtas i nGailearaí Ealaíne Crawford.

Beidh ról ríthábhachtach ag an gCeannasaí Airgeadais, trí chleachtais ionchuimsitheacha, i dtacaíocht, cothabháil, cur chun cinn agus forbairt leanúnach Ghailearaí Ealaíne Crawford, gailearaí a bheidh éagsúil, inrochtana, cothromasach agus ionchuimsitheach. Beifear ag súil freisin go mbeidh cáilíochtaí ceannaireachta straitéiseacha ag an duine a cheapfar mar aon le scileanna bainistíochta agus eagraíochta dea-fhorbartha, agus go mbeidh an cumas aige nó aici foirne agus daoine a bhainistiú agus a fhorbairt, agus go mbeidh cumas nádúrtha aige nó aici cothromaíocht a chinntiú idir oibleagáidí airgeadais agus an gá atá ann ionadaíocht a dhéanamh ar leas an Ghailearaí agus leas na foirne a chinntiú ag an am céanna.

Tabhair faoi deara: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir leis na réimsí ginearálta freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart glacadh leis mar liostú cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúr nua agus/nó riachtanas athraitheach an Ghailearaí.

PRÍOMHTHASCANNA & FREAGRACHTAÍ

BAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH

Cuid den ról seo í treoir a thabhairt, tionchar a imirt ar chinnteoireacht ag leibhéal sinsearach agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghailearaí a chosaint.

- Bainistíocht straitéiseach airgeadais don Ghailearaí
- Cur go gníomhach le straitéis, pleanáil agus feidhmíocht eagraíochta
- An próiseas buiséadaithe bhliantúil a threorú atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha
- Léargas agus anailís airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pleanáil straitéiseach
- Athléimneacht airgeadais a chinntiú trí rialuithe, réamhaisnéisiú agus bainistíocht airgid stuama
- Rialachas airgeadais láidir a leabú ar fud an Ghailearaí
- Tacú le cultúr atá bunaithe ar chomhlíonadh, rialachas maith agus cinnteoireacht atá fianaisebhunaithe
- Comhairle a chur ar an Stiúrthóir, Cathaoirleach, Bord agus fochoistí maidir le rialachas, riosca agus comhlíonadh
- Tacú leis an mBord, CAIR agus fochoistí Rialachais & Ainmniúchán trí dhearbhu agus léargas ar riosca
- Cabhrú le saineolas ag leibhéal sinsearach chun ullmhú don CCP agus chun freastal air
- Tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta trí bhallraíocht san Fhoireann Ghlas

BAINISTÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL

Na freagrachtaí a chinntíonn go bhfuil an Gailearaí comhlíontach, sócmhainneach agus á reáchtáil ar bhonn laethúil, sna comhthéacsanna is tábhachtaí chomh fada is a bhaineann le cruinneas, disciplín agus comhsheasmhacht.

- Cuntais bhainistíochta mhíosúla agus réamhaisnéisí dheireadh na bliana a chur i dtoll a chéile
- Ullmhú na Ráiteas Airgeadais bliantúil
- Próisis iniúchta inmheánaigh agus AC&C a bhainistiú
- Cuntais reachtúla agus tuairisceáin rialála a chur i gcrích
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éagsúlachtaí buiséid
- Córais, rialuithe agus creataí tuairiscithe a chothabháil
- Réamhaisnéisiú sreabhaidh airgid agus samhltú airgeadais
- Monatóireacht laethúil ar chúrsaí bainc agus imréitigh mhíosúla
- Maoirseacht ar fheidhmeanna párolla, pinsean agus íocaíochta
- Riarachán airgeadais ROS a bhainistiú
- Faisnéis airgeadais a ullmhú le haghaidh íostarraingtí
- Cuntais bhainistíochta agus ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird agus na bhfochoistí

CAIDREAMH FOSTAITHE

Riachtanach chun iontaoibh, cruinneas pá agus comhlíonadh a chinntiú.

- Cruinneas párolla agus comhlíonadh pinsin a chinntiú
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhairleoirí pinsin
- Comhlíonadh RGCS, SF agus RFC sa chás go bhfuil sonraí foirne i gceist
- Treoir a thabhairt do bhainisteoirí agus do bhaill foirne maidir le comhlíonadh soláthair

BAINISTÍOCHT FOIRNE

Treoir theicniúil agus maoirseacht ghairmiúil a chur ar fáil ar aon dul le foireann Roinn Airgeadais bheag a bhainistiú

- Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach
- Foireann ardfheidhmíochta a spreagadh agus a threorú

BAINISTIÚ ATHRUITHE

Cuireann an ról dlús le hathrú struchtúrtha atá bunaithe ar chomhlíonadh.

- Cuirtear rialuithe, córais agus beartais airgeadais chun feidhme agus feabhsaítear a leithéid
- Bainistítear moltaí iniúchta agus freagraí eagraíochta
- Cuirtear feabhas leanúnach ar rialachas, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha
- Cuirtear feabhsuithe rialachais chun feidhme a bheidh comhaontaithe leis an mBord agus leis an bhFeidhmeannas
- Taithí ar chórais airgeadais dhigiteacha agus ar réitigh PAF

- Próisis soláthair a threorú a bhféadfadh athrú eagraíochta a bheith i gceist leo

FREAGRACHTAÍ EILE - GINEARÁLTA

Ceannaireacht & Bainistíocht Daoine

- Foireann na Roinne Airgeadais a threorú agus a bhainistiú, ardfheidhmíocht, cuntasacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chothú.
- Tacú le timpeallacht oibre atá measúil, gairmiúil agus comhoibritheach.

Seachadadh Torthaí

- Am, tosaíochtaí agus acmhainní a bhainistiú go héifeachtach chun spriocdhátaí tuairiscithe airgeadais, ceanglais rialachais agus cuspóirí eagraíochta a chomhlíonadh.
- Fianaise ar dhíograis phearsanta láidir, mar aon le cuntasacht agus tiomantas maidir le torthaí ar ardchaighdeán.

Anailís, Cinnteoireacht & Saineolas

- Eolas gairmiúil cothrom le dáta a chinntiú i ndáil le bainistíocht airgeadais, rialachas agus comhlíonadh rialála, an méid atá foghlamtha a úsáid chun feidhmíocht eagraíochta a threisiú.
- Comhairle shaineolach maidir le ceisteanna airgeadais, iniúchta agus rialachais, a chur ar fáil don Stiúrthóir, Bord agus fochoistí.

Rialachas, Eitic & Cuntasacht Phoiblí

- Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais agus rialachais chorparáidigh a dhréachtú, a athbhreithniú agus a chur chun feidhme.
- Tacú leis an Stiúrthóir chun rannpháirtíocht le Coiste na gCuntas Poiblí a ullmhú, lena n-áirítear tinreamh nuair is gá.
- A chinntiú go bhfuil oibleagáidí RGCS, SF agus RFC á gcomhlíonadh agus tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta trí rannpháirtíocht na Foirne Glaise.
- Feidhmiú mar ambasadóir dearfach do Ghailearaí Ealaíne Crawford, seasamh le luachanna agus cuntasacht earnála poiblí.

SONRAÍOCHT AN DUINE

CÁILÍOCHTAÍ

Ní mór go mbeadh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí ag iarrthóirí chun an ról a chur i gcrích ag caighdeán ard agus ní mór go mbeadh sé nó sí ina b(h)all de chomhlacht cuntasáiochta forordaithe a bhfuil maoirseacht á déanamh air ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (ÚMICÉ)

SCILEANNA & SAINEOLAS

- 7 mbliana taithí ar a laghad ar chuntasáiocht iarcháilíochta ábhartha, lena n-áirítear cuntasáiocht bhainistíochta, cuntasáiocht airgeadais, seirbhísí airgeadais nó ar an timpeallacht rialála
- Taithí 5 bliana ar a laghad ar bhainistíocht shinsearach i ról nó in eagraíocht inchomparáide
- Neart taithí ar phróisis iniúchta, lena n-áirítear ceanglais iniúchta Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tuairisciú airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta agus reachtúla, agus próisis agus cleachtais chuntasáiochta bhainistíochta agus bhuiséadaithe
- Tuiscint chuimsitheach ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ar cheanglais an Rialálaí Carthanas.
- Cumas cruthaithe chun buiséid fianaisebhunaithe a chur i dtoll a chéile agus chun feidhmíocht a rianú i gcomparáid le buiséad
- Taithí ar bhainistíocht riosca, rialachas corparáideach agus creataí comhlíonta
- Taithí léirithe ar fhorbairt beartais, agus ar mhéadracht feidhmíochta eagraíochta a dhearadh, monatóireacht a dhéanamh ar a leithéid agus tuairisciú a dhéanamh ar a leithéid
- Taithí chruthaithe ar phróisis soláthair a threorú agus a bhainistiú, lena n-áirítear teicnící breithmheasa agus meastóireachta, idirbheartaíocht agus bronnadh conarthaí agus bainistíocht ina dhiaidh sin trí chur chun feidhme
- Tuiscint mhaith ar cheanglais a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus ar RGCS, agus a gcur chun feidhme praiticiúil
- An cumas obair a chur i gcrích go neamhspleách agus i gcomhar le piaraí, baill foirne agus páirtithe leasmhara seachtracha
- Ardleibhéal scileanna anailíseacha, coincheapúla agus fadhbréitigh i ndáil le bainistíocht airgeadais agus gnó
- Taifead cruthaithe ar úsáid a bhaint as breithiúnas gairmiúil stuama
- Solúbthacht agus an cumas obair a chur i gcrích go héifeachtach faoi bhrú, ar bhealach atá cruinn agus a thugann aird ar mhionsonraí
- Scileanna bainistíochta tionscadail léirithe agus taithí ar chomhthéacsanna airgeadais agus eagraíochta
- Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus cur i láthair

CEANNAIREACHT

- Taithí chruthaithe ar chabhrú le nó ar straitéis eagraíochta a threorú ag leibhéal sinsearach.
- Taithí 5 bliana ar a laghad ar bhainistíocht shinsearach i ról nó in eagraíocht inchomparáide.
- Scileanna láidre ceannaireachta agus bainistíochta daoine, le cumas léirithe chun foireann ardfheidhmíochta a spreagadh agus a bhainistiú.
- Taithí ar fheidhmeanna casta a threorú agus a bhainistiú, lena n-áirítear airgeadas, iniúchadh, soláthar agus rialachas.
- Cumas léirithe obair a chur i gcrích i gcomhar le piaraí, baill foirne agus páirtithe leasmhara seachtracha.
- Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus cur i láthair atá oiriúnach do ról ceannaireachta sinsearach.

INNIÚLACHTAÍ

BREITHIÚNAS, ANAILÍS, & CINNTEOIREACHT

- Taifead léirithe ar bhreithiúnas gairmiúil fóna a úsáid i gcomhthéacsanna bainistíochta airgeadais agus gnó.
- Tuiscint chuimsitheach ar chreataí bainistíochta rioscaí, córais rialaithe inmheánaigh agus creataí feidhmíochta.
- Taithí ar a bheith ag obair laistigh de thimpeallachtaí rialála casta, lena n-áirítear creataí iniúchta, rialachais phoiblí agus comhlíonta.
- An cumas cothromaíocht a chinntiú idir tosaíochtaí iomaíocha agus obair a chur i gcrích go héifeachtach faoi bhrú, ar bhealach atá cruinn agus a thugann aird ar mhionsonraí.
- Taithí ar chomhairle a chur ar cheannairí sinsearach agus ar obair a dhéanamh le hiniúcháirí seachtracha, Ranna Rialtais agus comhlachtaí maoinithe.
- Ardleibhéal scileanna anailíseacha, coincheapúla agus fadhbréitigh i ndáil le bainistíocht airgeadais agus gnó.
- Cumas cruthaithe chun buiséid fianaisebhunaithe, stuama a chur i dtoll a chéile agus chun feidhmíocht a rianú i gcomparáid le buiséad.
- Neart taithí ar phróisis tuairiscithe agus iniúchta airgeadais bainistíochta agus reachtúla.
- Taithí léirithe ar mhéadracht feidhmíochta eagraíochta a dhearadh, monatóireacht a dhéanamh ar a leithéid agus tuairisciú a dhéanamh ar a leithéid.
- Cumas léirithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí airgeadais agus chun léargas soiléir a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht eolasach.
- Taithí ar chórais airgeadais dhigítigh agus/nó ar réitigh PAF a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

TIOMANTAS & DÍLSEACHT DO LUACHANNA NA SEIRBHÍSE POIBLÍ

- **Inmhianaithe:** Tuiscint mhaith ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú agus ar cheanglais an Rialálaí Carthanas.
- **Inmhianaithe:** Taithí ar a bheith ag obair laistigh den earnáil phoiblí nó timpeallachtaí rialaithe a éilíonn trédhearcacht agus maoirseacht i ndáil le cistí poiblí.
- Tiomantas léirithe d'ardchaighdeáin de rialachas, cuntasacht agus comhlíonadh.
- Tuiscint mhaith ar cheanglais a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus ar RGCS, agus a gcur chun feidhme praiticiúil.
- An cumas obair a chur i gcrích go neamhspleách ar bhealach iontaofa agus ag an am céanna comhoibriú go héifeachtach ar fud na heagraíochta agus le páirtithe leasmhara seachtracha.
- Tiomantas maidir le cruinneas, gairmiúlacht agus cuntasacht phoiblí i ndáil le bainistíocht acmhainní airgeadais.

INCHÁILITHEACTH CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACTH

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ INCHÁILITHE FIANAISE AR AN MÉID SEO A LEANAS A CHUR AR FÁIL:

- a) Saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíochta. Páirteach in LEE tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránach den Eilvéis de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- c) Saoránach neamh-LEE arb ionann é nó í agus céile nó leanbh de chuid shaoránach LEE nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici:
- d) Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air nó uirthi faoi Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici: nó
- e) Saoránach neamh-LEE arb ionann é nó í agus tuismitheoir de leanbh cleithiúnach ar saoránach é nó í de, agus atá ina c(h)ónaí in, ballstát de LEE nó an Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Nóta maidir le saoránaigh de chuid na RA: Níor tháinig aon athrú ar Chomhaontú an Chomhlimistéir Taistil idir an RA agus Éire i ndiaidh an Bhreathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh RA incháilithe chun a bheith ag obair in agus ina gcónaí in Éirinn gan srian agus, dá réir sin, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo sa chás go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheacha eile ar fad. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gComhlimistéir Taistil le fáil anseo. Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoin dáta a ndéantar aon tairiscint ar phost.

SCÉIM DREASAITHE LUATHSCOIR (SDL)

Coinníoll a bhaineann leis an Scéim Dreasaithe Luathscóir (SDL), mar atá leagtha amach in Imlitir Airgeadais 12/09 na Roinne Airgeadais, is ea go bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, toirmiscthe ó iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna.

Dá réir sin, ní féidir lena leithéid sin de dhaoine atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

IMLITIR (7/2010) NA ROINNE SLÁINTE AGUS LEANAÍ

Bunaíodh le hImlitir 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, Scéim um Luathscor Deonach (SLD) Spriocdhírithe agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (SID). Coinníoll de scéim SLD is ea nach mbeidh daoine atá ag baint tairbhe as an scéim incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí trí chéile nó i gcomhlacht atá á mhaoiniú go hiomlán nó go príomha ó airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoi SID, seachas go bhfuil feidhm leis an toirmeasc i gcomhair tréimhse 7 mbliana, agus ina dhiaidh sin, ceanglóidh aon athfhostaíocht cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl daoine a bhain tairbhe as ceachtar de na scéimeanna seo incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

COMHAONTÚ COMHCHOITEANN: ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA LE SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ

Bunaíodh le litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dar dáta an 28 Meitheamh 2012, chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann, idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí CC i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann is ea nach mbeidh daoine atá ag baint tairbhe as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna sainiú ag Achtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011) i gcomhair tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostaíocht. Ní mór do dhaoine a bhain tairbhe as an scéim seo agus a bhféadfadh rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus beidh sé riachtanach toiliú an Aire a fháil roimh aon fhostaíocht in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG (P) 06/2013) Bunaíodh le hImlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn, Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá mionsonraithe thuas, is coinníoll sonrach den scéim SLD é nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostaíocht in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna sainiú ag Achtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011, agus Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile, 2012) i gcomhair tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostaíocht. Tá feidhm leis na coinníollacha seo freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar chonradh do bhonn seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

SOSANNA GAIRME

Faoi réir na gceanglas incháilitheachta a chomhlíonadh, tá an comórtas oscailte do bhaill foirne atá ar Sos Gairme, ar choinníoll go bhfuil a Sos Gairme ag teacht le forálacha Imlitir 04/2013 na Roinne Airgeadais, nó le socruithe iasachta.

DEARBHÚ

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé acu ar bhain nó nár bhain siad tairbhe as scéim seirbhíse poiblí dreasaithe luathscoir roimhe seo agus/nó an comhaontú comhchoiteann atá mínithe thuas. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíocht do shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó sa chás go bhfuil íocaíocht chúitimh faighte acu i ndáil le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

PÁ: Seo a leanas na scálaí pá atá infheidhme i ndáil leis an bpost (**tá na rátaí éifeachtach i mí Feabhra 2026**):

PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA - PPC

€82,290 €85,320 €88,393 €91,475 €94,553 €96,329 €99,433¹ (LSI1) €102,550² (LSI2)

*LSI 1 - Incrimint Fadseirbhíse i ndiaidh 3 bliana ar Scála uasta.

*LSI 2 - Incrimint Fadseirbhíse i ndiaidh 6 bliana ar Scála uasta.

RANNÍOCAÍOCHT PHEARSANTA PINSIN (RPP)

Beidh feidhm leis an scála pá RPP sa chás go gceaptar státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1995 agus go gceanglaítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm leis freisin i ndáil le fostaithe buana nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

RANNÍOCAÍOCHT NEAMHPHEARSANTA PINSIN (NEAMH-RPP)

Tá eolas le fáil thíos maidir leis an tuarastal Neamh-RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost agus tá feidhm leis sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear air nó uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA

€79,487 €82,381 €83,975 €86,901 €89,827 €91,517 €94,463¹ (LSI1) €97,422² (LSI2)

NÓTA TÁBHACHTACH:

- Beidh an leibhéal iontrála ag an gcéad phointe den scála, agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.
- Faoi réir feidhmíochta sásúla, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha. (Féach ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 mír 5.1)
- D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm más rud é, díreach roimh an gceapachán, go bhfuil tú ag obair mar státseirbhíseach nó mar sheirbhíseach poiblí.
- Íocfar an ráta pá go coicisiúil i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) chuig cuntas bainc de do rogha. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuireann tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Párolla.
- Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.
- Aontóidh go bhféadfaí aon ró-íocaíocht tuarastail nó taistil agus chothaithe a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail dlite duit amach anseo de réir Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear eolas ar fáil duit i scríbhinn maidir le méid agus sonraí aon ró-íocaíochta mar sin, agus tabharfar fógra seachtaine duit ar a laghad maidir le cathain a dhéanfar an asbhaint, agus is méid cothrom agus réasúnach a asbhainfear ag féachaint do na himthosca ar fad.

TIONACHT

Tá an ceapachán á thairiscint ar bhonn lánaimseartha. San áireamh sa ról seo beidh tréimhse phromhaidh **bliain amháin** ó dháta an cheapacháin. Níor chuirtear as an áireamh síneadh ar an tréimhse phromhaidh in imthosca oiriúnacha. I rith na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an cheapaí faoi réir athbhreithnithe ag an mbainisteoir/ag na bainisteoirí cuí chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu seo a leanas de na ráitis atá fíor faoin gceapaí:

- tá a c(h)uid oibre curtha i gcrích ar bhealach sásúil aige/aici,
- bhí a (h)iompar ginearálta sásúil,
- tá sé nó sí oiriúnach chomh fada is a bhaineann le cúrsaí sláinte, go háirithe i ndáil le saoire bhreiteachta.

FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Is post lánaimseartha a bheidh ann, agus ní cheadófar don cheapaí páirt a ghlacadh i gcleachtas príobháideach nó a bheith nasctha ar shlí ar bith le haon ghnó seachtrach, atá i gcoimhlint ar shlí ar bith lena d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann isteach ar fheidhmíocht nó a chuireann a (h)ionracas i mbaol.

AN tACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, i ndáil leis an bpost seo.

SUÍOMH

Ar dtús, beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi lonnaithe in ionad sealadach i Lár na Cathrach i rith thréimhse an Mháistirthionscadail Forbartha, ach i ndiaidh na n-oibreacha athchóirithe, beidh sé nó sí lonnaithe in áitreabh Gailearaí Ealaíne Crawford i bPlás Emmet, Corcaigh.

UAIREANTA FREASTAIL

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach ar an meán, beidh siad cothrom le, gan níos lú na 41.25 uair chomhlán sa tseachtain (35 glanuair in aghaidh na seachtaine). Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise i ndáil le freastal breise (os cionn 41.25 uair in aghaidh na seachtaine) de bhrí go gclúdaíonn an ráta luacha saothair iníoctha aon dliteanas freastail breise eisceachtúil a d'fhéadfadh a bheith i gceist ó am go ham.

SAOIRE BHLIANTÚIL

Beidh an liúntas saoire bliantúla cothrom le 31 lá sa bhliain, agus ardóidh sé go dtí 33 lá sa bhliain i ndiaidh 5 bliana seirbhíse. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a cheadú agus bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

SLÁINTE

Ní mór go mbeadh an t-iarrthóir atá i mbun oifige go hiomlán inniúil air agus in ann na dualgais a bhaineann leis an oifig a chur i gcrích agus ní mór go mbeadh a s(h)láinte i riocht a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé nó sí in ann seirbhís rialta agus éifeachtúil a sholáthar.

SAOIRE BHREOITEACHTA

Beidh íocaíocht i rith neamhláithreachta breoiteachta deimhnithe go cuí, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le míchumas buan chun seirbhís a sholáthar, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, de réir fhorálacha na n-implitreacha a bhaineann le saoire bhreoiteachta.

Ceanglófar ar oifigigh a mbeidh ráta Aicme A ÁSPC á íoc acu sainordú a shíniú lena n-údarófar an Roinn Coimirce Sóisialaí chun aon sochar a íoc go díreach le Gailearaí Ealaíne Crawford, atá dlite faoi Achtanna Leasa Shóisialaigh. Beidh íocaíocht i rith breoiteachta faoi réir na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialaigh a bheidh á gcur faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí ag an oifigeach laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

AOISLIÚNTAS AGUS SCOR

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais oiriúnacha, don iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi, a bheidh i bhfeidhm ag Gailearaí Ealaíne Crawford nuair a thairgtear ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a bhí ag obair i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí scéime neamh-aonair) sa 26 seachtain roimh an gceapachán (féach mír d thíos), ciallaíonn sé seo ceapachán a bheith tairgthe bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”)

Seo a leanas na príomhfhórála a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

A. AOIS PHINSIN

Beidh aois phinsin íosta na scéime nasctha leis an bPinsean Stáit.

B. AOIS SCOIR

Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bhíonn siad 70 bliain d'aois.

C. LAGHDÚ PINSIN

Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus má tá pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís, beidh gnáthrialacha laghdaithe i bhfeidhm. Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo, áfach, agus má bhí pinsean á fháil aige nó aici faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasaithe Luathscoir (SDL) nó Imlitir 7/2010 SLD/SID na Roinne Sláinte a chiallaíonn, mar atá léirithe thuas, go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas), scoirfear an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe seo tugtha ag an gceapaí a áireamh chun críche aon aoisliúntais a bhronnfar amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe lena aghaidh.

Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo, tabhair faoi deara go gcuimsítear in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórála Eile), 2012, fóráil a chuireann laghdú pinsin san áireamh do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí a athfhostaítear sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fóráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí trí chéile i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2012. D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d'aon duine a cheaptar sa phost seo a bhfuil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á fháil aige nó aici faoi láthair nó a bhfuil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí coinnithe aige nó aici a bheidh á íoc i rith a f(h)ostaíochta sa phost seo.

Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus má bhí pinsean á fháil aige nó aici faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasaithe Luathscoir (SDL), Imlitir 07/2010 SLD/SID na Roinne Sláinte nó Imlitir LG(P) na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil 06/2013 a chiallaíonn, mar atá léirithe thuas, go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas), scoirfear an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe seo tugtha ag an gceapaí a áireamh chun críche aon aoisliúntais a bhronnfar amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe lena aghaidh.

- **Imlitir 1022007 Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna**

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Coinníoll den Scéim Luathscoir is ea, ach amháin i gcás na heisceachta a bhaineann leis na cásanna atá leagtha amach i mír 10.2 agus i mír 10.3 de na doiciméid

imlitreach ábhartha, agus i gcás na n-eisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é nó í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, go stopfar le híocaíocht an phinsin sin leis an duine sin láithreach faoin scéim. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a éirítear as a leithéid sin d'fhostaíocht nó nuair a shlánaíonn an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a atosáítear íocaíochtaí, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhair an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta a cuireadh san áireamh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh)

- **Scor de dheasca Eas-sláinte**

Tabhair faoi deara, as chás go bhfuil duine imithe ar scor ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais eas-sláinte go bhféadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca eas-sláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

D. SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SEO

Ainneoin go bhfuil ballraíocht na Scéime Aonair san áireamh sna téarmaí pinsin réamhshocraithe, atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo, ní gá go mbeadh feidhm leis seo i ndáil le ceapaithe áirithe. Tá sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina b(h)all de Scéim Aonair le fáil in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Is é an príomhchás eisceachta, áfach, (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), nach mbeadh iarrthóir rathúil a bhí ag obair i gcáil inphinsin (téarmaí na scéime neamh-aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtain ó thús a chur le ceapachán, ina b(h)all den Scéim Aonair go ginearálta. Ina leithéid seo de chás, seachas sin bheadh ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhíseach neamhbhunaithe (“Scéim Fostaí Stáit Neamhbhunaithe”) á tairiscint d'iarrthóir mar sin. Chiallódh sé sin go mbeadh na forálacha laghdaithe ag (c) thuas i bhfeidhm, agus lena chois sin, tá impleachtaí ag baint le fabhrú pinsin mar atá mínithe thíos:

E. FABHRÚ PINSIN

Bheadh feidhm le teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán is féidir a áireamh i ndáil le pinsean sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí aonair amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a bhforáiltear di in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo ar aon cheapaí a fuair cearta pinsin i rith tréimhse fostaíochta seirbhíse poiblí roimhe seo.

F. ASBHAINTE A BHAINNEANN LE PINSEAN

Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsean de réir Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach ar

an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/pensions>

RÚNDACHT AGUS CAIGHDEÁIN IOMPAIR: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

I rith théarma an chonartha, beidh ceapaí faoi réir Fhorálacha Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Aontóidh an ceapaí gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe i rith nó i ndiaidh na tréimhse fostaíochta.

CÓD NA STÁTSEIRBHÍSE UM CHAIGHDEÁIN AGUS IOMPAR

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

CARACHTAR

Ní mór go mbeadh dea-theist ar iarrthóir ar agus ar dhuine atá i mbun na hoifige.


ACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995

Beidh feidhm leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, más cuí, i ndáil leis an bhfostaíocht seo.

FÓGRA TÁBHACHTACH:

Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll fostaíochta atá ann, rud a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta atá le comhaontú leis an iarrthóir rathúil

CAIRT REATHA NA hEAGRAÍOCHTA 2026



PRÓISEAS COMÓRTAIS

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

- 1** Ba cheart d'iarratasóirí cóip de Curriculum Vitae reatha mar aon le litir spéise agus ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí a chur ar fáil. Ba cheart iad seo a sheoladh ar aghaidh trí ríomhphost chuig: hr@crawfordartgallery.ie Tabhair faoi deara gur cheart na doiciméid iarratais ar fad a sheoladh ar aghaidh i bhfoirm dhoiciméad PDF amháin.
- 2** Déanfar gearrliosta de na hiarratasóirí bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina curriculum vitae agus ina litir spéise.
- 3** Tá na hiarratasóirí freagrach as a bheith ar fáil chun agallamh a dhéanamh ag an am agus dáta sannta.
- 4** Coimeádann an AC&C an ceart cibé fiosrúchán a dhéanamh a mheasann sé nó sí atá riachtanach i ndáil le hiarratasóir sula dtairgfear post dó nó di. **DÁTA DEIRIDH**
- 5** Is é an dáta deiridh chun iarratais a bheith faighte ná **12:00 MEÁN LAE, Dé hAoine, 27 MÁRTA 2026**. Cloífeá go docht leis an spriocdháta.
- 6 FREASTAL RÉASÚNTA**
Má theastaíonn aon socrú uait i ndáil le haon ghné den chomórtas seo, seol ríomhphost chugainn ag hr@crawfordartgallery.ie roimh an spriocdháta.

FORMÁID AN CHOMÓRTAIS

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna modhanna roghnúcháin:

- déanfar gearrliosta de na hiarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratais.
- agallamh iomaíoch ar bhonn inniúlachta.
- cur i láthair nó cleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

GEARRLIOSTÚ

De ghnáth, faightear níos mó iarratas ar phost ná mar atá ag teastáil chun folúntais atá ann agus a bheidh ann amach anseo i ndáil leis an bpost a líonadh. Ainneoin go bhféadfadh iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má chuireann an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil iad ar fad a chur faoi agallamh, féadfaidh Gailearaí Ealaíne Crawford cinneadh a dhéanamh nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach do líon áirithe daoine. Sa chomhthéacs seo, forálann Gailearaí Ealaíne Crawford d'úsáid a bhaint as próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú chun cuireadh chun agallaimh a thabhairt dó, bunaithe ar scrúdú ar an CV agus ar a litir spéise, an grúpa is oiriúnaí don phost de réir dealraimh.

Déanfaidh grúpa saineolaithe meastóireacht ar na foirmeacha iarratais i gcomparáid le critéir réamhchinnte bunaithe ar cheanglais an phoist agus déanfar cinneadh maidir le tusa a ainmniú ar an ngearrliosta ag féachaint do na hiarrthóirí eile. Ní hionann é sin agus a thabhairt le fios nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach nó nach bhfuil ar a gcumas an post a dhéanamh, seachas sin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil cáilíochtaí níos fearr ag roinnt iarrthóirí, bunaithe ar a gcuid iarratas, agus/nó go bhfuil níos mó taithí ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin atá sé, dá réir sin, cuntas mionsonraithe agus cruinn ar do cháilíochtaí/do thaithí a chur ar fáil ar do CV.

A MHEAS GO bhFUIL IARRTHÓIREACHT TARRAINGTHE SIAR

Ní féidir le hiarrthóirí, nach gcuireann fianaise ar fáil do Ghailearaí Ealaíne Crawford, nuair a iarrtar a leithéid, maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarrthóireacht, aon éileamh eile maidir le breithniú a dhéanamh.

NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE A BHAINNEANN LEIS AN bPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Déileáiltear le hiarratais ar athbhreithniú de réir “Cód Cleachtais: Ceapachán i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí” foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - tá an Cód le fáil ag www.cpsa.ie.

Breithneoidh Gailearaí Ealaíne Crawford iarratais (seolta chuig an gCeannasaí Oibríochtaí) ar athbhreithniú mar seo a leanas:

1. próiseas neamhfhoirmiúil a bhfuil tairbhe le baint as laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh fógra a fháil maidir leis an gcinneadh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó laistigh de 2 lá oibre ó eolas maidir le cinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
2. Próiseas foirmiúil: ní mór iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó fhógra a fháil maidir leis an gcinneadh tosaigh nó más céim eatramhach atá i gceist, ní mór go mbeadh an t-iarratas ar athbhreithniú faighte laistigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
3. Féadfaidh an t-iarrthóir iarratas a dhéanamh go ndéanfaidh eadránaí cinnidh athbhreithniú ar an athbhreithniú tosaigh agus ba cheart iarratas den chineál seo a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó fhógra a fháil maidir le toradh an athbhreithnithe tosaigh (Alt 7.15 den Chód).

Déileáiltear in Alt 8 den Chód leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomharc a bhaineann le líomhaintí maidir le sárú an Chóid Chleachtais.

AISEOLAS d'IARRTHÓIRÍ

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Gailearaí Ealaíne Crawford tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a chur ar fáil d'iarrthóirí. Sa chomhthéacs seo, is é beartas Ghailearaí Ealaíne Crawford aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil d'iarrthóirí.

San áireamh anseo beidh marcanna an iarrthóra ón gcomórtas, tagarmharcáil an mhairc i gcomparáid le feidhmíocht iarrthóirí eile agus tuairim an bhoird measúnaithe maidir le feidhmíocht fhoriomlán an iarrthóra faoi gach ceannteideal inniúlachta.

ROCHTAIN AR EOLAS

Cruthófar TRÍ chóip chrua d'ábhar an iarratais bunaithe ar an iarratas a seoladh trí ríomhphost le húsáid ag an mbord agallaimh. Nuair a bheidh an comórtas curtha i gcrích, coinneoidh an t-aonad AD cóip AMHÁIN, agus scríosfar an DÁ chóip eile. Beidh feidhm leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018.

OIBLEAGÁIDÍ NA nIARRTHÓIRÍ

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh canbhasáil mar bhonn le dícháiliú agus a n-eisiamh ón bpróiseas.

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a chur ar fáil go feasach nó gan smaoineamh.
- canbhasáil a dhéanamh d'aon duine, le nó gan spreagadh.
- cur isteach ar nó an próiseas a chur i mbaol.

SAINCHRITÉIR d'IARRTHÓIRÍ

Caithfidh iarrthóirí na critéir seo a leanas a bhaint amach:

- Na cáilíochtaí, an t-eolas agus an cumas oiriúnach a bheith acu chun dualgais an phoist ábhartha a chomhlíonadh.
- A bheith oiriúnach don phost bunaithe ar a c(h)arachtar.
- A bheith oiriúnach ar gach slí eile do cheapachán sa phost ábhartha.

Agus má éiríonn le hiarrthóir, ní cheapfar é nó í mura ndéanann sé nó sí an méid seo

- Toilíonn sé nó sí na dualgais a chur chun feidhme a bhaineann leis an bpost agus glacann sé nó sí leis na coinníollacha faoina bhfuil na dualgais á gcur chun feidhme nó leis na coinníollacha faoina bhféadfaí na dualgais a chur chun feidhme.
- A bheith inniúil agus ar fáil go hiomlán chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur chun feidhme agus a bheith in ann a leithéid a dhéanamh.

- Scrúdú leighis a dhéanamh le cleachtóir leighis a bheidh ainmnithe ag an nGailearaí
- Pas a chur ar fáil (mura bhfuil pas ag an iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi faoi láthair, beidh teastas breithe agus foirm d'aitheantas grianghraif ag teastáil).
- Fianaise ar Uimhir PSP (cárta seirbhísí sóisialta).
- Imréiteach Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a fháil (más gá)